CEOL 2018
Gavin James – I gCónaí

Céard atá i ndán ag bun na spéire?
Nuair nach bhfuil (a) fhios agam an rud atá uait
An fiú an grá seo dúinn?
An bhfuil aon dochar déanta againn?
Mé cráite ag na cuimhní díot
Do mo chrá i gcónaí

Bím ag brionglóid, san oíche
Trioblóid, síoraí
Suaimhneas, de dhíth

Is í an té
(i) gcónaí, (i) gcónaí
Agus d'fhág mé
Gan í, gan í
B'fhearr liom an anáil a ligean amach
Asam féin ná í a scaoileadh (uaim)
Is í an té
(i) gcónaí, (i) gcónaí, (i) gcónaí

Scoilteanna ar na ballaí timpeall orainn
N'fheadar céard a tharla dúinn?
Sa leaba airím do rian fágtha ann
Cuimhin liom bheith inár stráinseirí
Abair liom céard atá athraithe
Idir an bheirt againn